Eolaí Treorach na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla (PSWT), do Dhaoine Cuntasacha agus Daoine

Revenue

Ábhar

		Achoimre ar an Eolaí	4
Cuid 1		Míniú ar PSWT	5
	1.1	**Céard is PSWT ann?**	**5**
	1.2	**An Ráta ar a n-asbhaintear PSWT**	**5**
	1.3	**Fostaithe nó Féinfhostaithe**	**5**
	1.4	**Céard iad na hÍocaíochtaí a n-asbhaintear PSWT astu?**	**6**
	1.5	**Íocaíochtaí Eisiata**	**6**
	1.6	**Déileáil le Costais**	**6**
	1.7	**Ús ar Íocaíocht Dhéanach**	**7**
	1.8	**Eisiamh CBL, Dleacht Stampála agus táillí áirithe eile**	**7**
	1. 9	**Deimhniú Imréitigh Cánach**	**7**
Cuid 2		Daoine Cuntasacha	9
	2.1	**Cé hé Duine Cuntasach?**	**9**
	2.2	**Clárú Daoine Cuntasacha**	**9**
	2.3	**Íocaíochtaí a rinneadh ag brainse nó gníomhaireacht de chuid duine cuntasaigh atá bunaithe thar lear**	**9**
	2.4	**Íocaíochtaí Idirghrúpa**	**10**
	2.5	**Íocaíochtaí déanta idir Daoine Cuntasacha**	**10**
	2.6	**Íocaíochtaí ag Daoine Cuntasacha le Carthanais**	**10**
	2.7	**Íocaíochtaí ag Daoine Cuntasacha le Neamhchónaitheoirí**	**10**
	2.8	**Cumhachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim**	**11**
Cuid 3		Daoine Sonraithe	12
	3.1	**Cé hiad Daoine Sonraithe?**	**12**
	3.2	**Creidmheas/Aisíocaíocht PSWT le Daoine Sonraithe**	**12**
	3.3	**Cad ba cheart a dhéanamh má Chailltear, má Scriostar Foirm F45 nó má tá sí mícheart**	**13**

	3.4	Cár féidir Creidmheas/Aisíocaíocht i leith PSWT a Éileamh Ginearálta	14
Cuid 4		Seirbhísí Gairmiúla	16
	4.1	Seirbhísí atá clúdaithe ag PSWT	16
	4.2	Seirbhísí nach mbreathnaítear orthu mar Sheirbhísi Gairmiúla chun críocha PSWT	16
Cuid 5		PSWT a Riar	
	5.1	Foirmeacha PSWT	18
	5.2	Foirm F45	18
	(1)	Ginearálta	18
	(2)	Uimhreacha Slándála	19
	(3)	Foirmeacha F45 le comhlánú agus Córas Ríomhairithe á Úsáid	19
	(4)	Foirmeacha F45 le comhlánú de Lámh	20
	(5)	Comhlánú Foirm F45 ag Duine Cuntasach	20
	5.3	Foirm F43	21
	5.4	Foirm F30	22
	5.5	Foirm F35	22
	5.6	Iarratais ar Fhoirmeacha agus Uimhreacha Slándála	23
	5.7	Leagan Gaeilge d'Fhoirmeacha PSWT	23
	5.8	Ag Ceartú Earráidí	23
	(a)	PSWT asbhainte trí dhearmad	23
	(b)	An iomarca PSWT asbhainte	24
	(c)	Gan dóthain PSWT asbhainte	24
	(d)	Íocaíocht a rinneadh dhá uair	24
	(e)	Íocaíocht tugtha don duine ceart	24
	(f)	Earráid a rinneadh i mbliain chánach amháin agus a ceartaíodh sa bhliain chánach ina dhiaidh	25

Cuid 6 Teagmháil le hOifigí na gCoimisinéirí Ioncaim 26

6.1 Daoine Cuntasacha 26

6.2 Daoine Sonraithe 26

6.3 Carthanais 26

6.4 Neamhchónaitheoirí 27

Aguisín 1 Téacs an Ailt i 'Tax Briefing', Eagrán 52 ar Dhéileáil, ó thaobh cánach de, le hÍocaíochtaí Úis agus Cúitimh faoi I.R. Uimh. 388 de 2002 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 28

Aguisín 2 Liosta Daoine Cuntasacha 30

Aguisín 3 Téacs an Ailt i 'Tax Briefing', Eagrán (28 Deireadh Fómhair 1997) ar na Doiciméid a úsáidtear le haghaidh Cánach Iarchoimeádta Seirbhísí Gairmiúla 34

Aguisín 4 Breitheanna na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le Seirbhísí Gairmiúla 36

Aguisín 5 Téacs an Ailt in 'Tax Briefing', Eagrán 28 (Deireadh Fómhair 1997) ar Chánachas Léachtóirí / Múinteoirí / Oiliúnóirí Páirtaimseartha 42

Achoimre ar an Eolaí

Tá an tEolaí seo ar Cháin Iarchoiméadta ar Sheirbhísí Gairmiúla (ar a dtabharfar anseo thíos 'PSWT') roinnte ina shé chuid

Cuireann **Cuid 1** síos ar scéim PSWT. Léiríonn sí na cúinsí ina gcuirtear PSWT i bhfeidhm, coimríonn sí an bealach a fheidhmítear é agus conas is féidir creidmheasa agus aisíocaíochtaí a éileamh.

Tugann **Cuid 2** eolas maidir le daoine cuntasacha (na daoine a cheanglaítear orthu PSWT a asbhaint). Mínítear céard is daoine cuntasacha ann agus conas is cóir dóibh clárú.

Tugann **Cuid 3** eolas maidir le daoine sonraithe (na daoine a n-asbhaintear an cháin díobh), lena n-áirítear conas is féidir daoine sonraithe creidmheas a fháil i gcomhair PSWT agus aisíocaíochtaí a fháil.

Tugann **Cuid 4** eolas ar na seirbhísí a mbaineann PSWT leo.

Tugann **Cuid 5** sonraí ar na nósanna imeachta riaracháin atá i bhfeidhm do scéim PSWT. Tugtar eolas ar na foirmeacha atá in úsáid agus pléitear freisin le deimhnithe imréitigh cánach agus íocaíochtaí le neamhchónaitheoirí.

Leagann **Cuid 6** amach na sonraí teagmhála ábhartha laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim.

Ar fud an doiciméid ar fad déantar tagairt don Rannán Idirnáisiúnta agus Léiriúcháin Cánacha Díreacha agus Rannán an Ard-Bhailitheora. Is iad sin ná dhá rannán na gCoimisinéirí Ioncaim agus tugtar sonraí teagmhála i gCuid 6.

Tá na bileoga eolais go léir a bhfuil tagairt déanta dóibh sa doiciméad ar fáil ó:

www.revenue.ie
nó ó
Sheirbhís Foirmeacha agus Bileog na gCoimisinéirí Ioncaim
ag Íosghlao 1890 306706 (Poblacht na hÉireann amháin)
nó 00 353 1 674 4050 (ó Iasmuigh d'Éireann).

Cuid 1 - Míniú ar PSWT

1.1 Céard is PSWT ann?

Forálann Caibidil 1, Páirt 18 den Acht Comhdhlúite Cánach, 1997 gur féidir cáin iarchoimeádta ('PSWT') a asbhaint as íocaíochtaí a dhéanann comhlachtaí áirithe i leith seirbhísí gairmiúla. Tugtar Cáin Iarchoimeádta Seirbhísí Gairmiúla nó PSWT mar ghiorrúchán ar an gcáin.

Asbhaineann **Daoine Cuntasacha** 'PSWT' as **Íocaíochtaí Ábhartha** a íocann siad le **Daoine Sonraithe** i leith **Seirbhísí Gairmiúla.**

De ghnáth bíonn PSWT asbhainte ar fáil lena fhritháireamh i gcoinne dliteanais deiridh an duine shonraithe, i leith cánach ioncaim/cánach corparáide, don tréimhse ina ngearrtar cáin ar an íocaíocht ábhartha.

Go dtí go ndéantar an fritháireamh i gcoinne dhliteanas cánach deiridh an duine shonraithe don tréimhse reatha, déantar soláthar d'aisíocaíochtaí eatramhacha PSWT arna n-asbhaint nuair a chomhlíontar coinníollacha áirithe. Chomh maith leis sin, is féidir aisíocaíochtaí eatramhacha a dhéanamh i gcás cruatain ar leith fiú mura bhfuil roinnt coinníollacha aisíoca eatramhaigh comhlíonta. Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar aisíocaíochtaí eatramhacha i mBileog Eolais IT19 Ráiteas Cleachtais SP-IT/3/90. Tá iad sin ar fáil ag **www.revenue.ie** ó Sheirbhís Foirmeacha agus Bileog na gCoimisinéirí ag Íosghlao 1890 306706 (Poblacht na hÉireann amháin) nó 00353 1 674 4050 (ó lasmuigh d'Éirinn) agus ó oifigí áitiúla na gCoimisinéirí.

Chun míthuiscintí a sheachaint, comhairlímid do dhaoine cuntasacha a chur in iúl do dhaoine sonraithe sula rachaidh an conradh i bhfeidhm go n-asbhainfear PSWT as na híocaíochtaí faoin gconradh sin.

1.2 An Ráta ar a n-asbhaintear PSWT

Is é an ráta ar a n-asbhaintear PSWT ná an ráta cánach caighdeánach atá i bhfeidhm ar an dáta a dhéantar an íocaíocht ábhartha. Is é an ráta cánach caighdeánach agus an bhileog seo á eisiúint (an bhliain chánach 2008) ná 20%.

1.3 Fostaithe nó Féinfhostaithe

Déantar PSWT a asbhaint ó dhaoine féinfhostaithe a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla. Ní bhaineann sé le fostaithe. Tagann íocaíochtaí d'fhostaithe laistigh den chóras ÍMAT. Ní mór d'fhostóirí ÍMAT a fheidhmiú ar íocaíochtaí d'fhostaithe agus sealbhóirí oifige m.sh. comhaltaí boird - ní fhéadann siad PSWT a asbhaint mar rogha eile.

Is í an difríocht idir daoine féinfhostaithe agus daoine fostaithe ná go bhfeidhmíonn daoine féinfhostaithe faoi **chonradh le haghaidh seirbhísí** agus go bhfostaítear fostaithe faoi **chonradh seirbhíse**. Tá eolas ar fáil ar an difríocht idir conradh le haghaidh seirbhísí agus conradh seirbhíse i leabhrán ar a dtugtar Cód Cleachtais chun Stádas Fostaithe nó Féinfhostaithe Daoine Aonair a Shocrú ar fáil ag

http://www.revenue.ie/leaflets/code-of-practice-on-employment-status.pdf ónár Seirbhís Foirmeacha agus Bileoga ar Íosghlao1890 306706 (Poblacht na hÉireann amháin) nó 00353 1 674 4050 (lasmuigh d'Éirinn) agus ó oifigí áitiúla na gCoimisinéirí.

1.4 Céard iad na hÍocaíochtaí a n-asbhaintear PSWT astu?

Faoi réir na n-eisiatachtaí a bhfuil tagairt dóibh in alt 1.5, ba cheart PSWT a asbhaint ó íocaíochtaí a dtugtar "íocaíochtaí ábhartha" orthu. Déantar "íocaíochtaí ábhartha" ag daoine cuntasacha i dtaobh seirbhísí gairmiúla.

Ní gá go mbainfeadh na híocaíochtaí le seirbhísí a thugtar don duine cuntasach. Dá réir sin, tagann PSWT i gceist nuair a dhéanann duine cuntasach íocaíocht i leith seirbhíse gairmiúla bíodh gur don duine cuntasach nó do dhuine eile a soláthraítear í.

Is íocaíochtaí ábhartha iad íocaíochtaí a déanann árachóirí údaraithe sláinte m.sh. Quinn Healthcare, VHI, VIVAS, le cleachtóirí liachta nó déidliachta faoi chonarthaí árachais.

1.5 Íocaíochtaí Eisiata

Tá íocaíochtaí áirithe ann **nár cheart** PSWT a asbhaint uathu agus is iad sin ná:

- íocaíochtaí atá faoi réir ÍMAT
- íocaíochtaí a thagann laistigh den scéim Cánach ar Chonarthaí Ábhartha (RCT)
- íocaíochtaí le daoine cuntasacha eile mar íocaíochtaí le daoine cuntasacha eile mar aisíoc íocaíochtaí as seirbhísí gairmiúla (féach alt 2.5)
- íocaíochtaí le daoine cuntasacha eile áit a bhfuil ioncam an duine chuntasaigh atá ag fáil na híocaíochta díolmhaithe ó cháin ioncaim nó cáin chorparáide (féach alt 2.5)
- íocaíochtaí le carthanais ar deonaíodh díolmhú ó cháin ioncaim dóibh ag na Coimisinéirí Ioncaim (féach alt 2.6)
- áit a ndéantar an íocaíocht ag brainse nó gníomhaireacht de chuid an duine chuntasaigh atá bunaithe thar lear ar na cúinsí atá leagtha amach in alt 2.3
- áit ar íocaíocht idirghrúpa í an íocaíocht ar na cúinsí atá leagtha amach in alt 2.4

1.6 Déileáil le Costais

Nuair a fheidhmítear PSWT ar íocaíocht, feidhmítear ar an íocaíocht iomlán í, ar a n-áirítear gnéithe ar bith di a bhaineann le haisíoc costas a tabhaíodh. Leanann an scéal mar seo nuair a dhéantar míreanna costais a dheighilt lena n-íoc ar leithligh nó nuair a chuirtear na costais ar shonrasc ar leith. Áirítear sna costais, mar shampla, costais a tabhaíodh i dtaca le taisteal, cothú, postas, priontáil, páipéarachas, seirbhísí rúnaíochta, fógraíocht, mar aon le híocaíochtaí arna ndéanamh ag an duine sonraithe le tríú páirtithe a fhostaítear ag an duine sonraithe maidir leis an tseirbhís a sheachadadh.

1.7 Ús ar Íocaíocht Dhéanach

Le héifeacht ó 7 Lúnasa 2002, tá sé mar théarma intuigthe i ngach conradh tráchtála go bhfuil ús le híoc ar fhiacha nach n-íoctar in am (íocaíocht dhéanach i leith idirbhearta tráchtála). Mar sin áit a bhfuil ús le híoc ar íocaíocht i dtaobh seirbhíse gairmiúla, ba cheart PSWT a dhéaduchtú ón ús freisin. (féach **Aguisín 3**)

1.8 Eisiamh CBL, Dleacht Stampála agus táillí áirithe eile

Áit a ndéanann duine cuntasach íocaíocht ábhartha le duine sonraithe, tá sé mar oibleagáid ar an duine cuntasach PSWT a dhéaduchtú ag an ráta caighdeánach de cháin ioncaim ó mhéid iomlán na híocaíochta atá dlite, lena n-áirítear aon mhéid i dtaobh costas.

Ba cheart CBL a ghearrann an duine sonraithe a **eisiamh** áfach nuair atá méid an PSWT atá le déaduchtú á ríomh. Ina theannta sin, ba cheart na táillí seo a leanas a d'íoc an duine sonraithe leis na húdaráis chuí a eisiamh freisin:

- Dleachtanna Stampála
- Táillí Chlárlann na Talún
- Táillí um Ghníomhas Cláraithe
- Táillí Oifige Cuideachta
- Táillí Cúirte

1.9 Deimhniú Imréitigh Cánach

Má dhéanann duine a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí conradh leis an earnáil phoiblí dar luach €10,000 (CBL san áireamh) nó níos mó, ní mór don duine sin Deimhniú Imréitigh Cánach a thaispeáint don chomhlacht poiblí lena bhfuil an conradh á dhéanamh.

Ní foláir PSWT a asbhaint as íocaíochtaí ábhartha a dhéanann duine cuntasach le duine sonraithe fiú má thaispeánann an duine sonraithe Deimhniú Imréitigh Cánach.

Ba cheart iarratas ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a dhéanamh ar oifig áitiúil cánach an iarratasóra tríd an bhfoirm TC1 comhlánaithe a chur isteach. Is féidir iarratas a dhéanamh ar líne freisin ag **www.revenue.ie**. Tá sonraí teagmhála le haghaidh Oifigí na gCoimisinéirí Ioncaim agus foirm TC1 ar fáil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim freisin.

Ní mór d'iarratasóirí neamhchónaitheacha atá cláraithe um cháin Éireannach agus a bhfuil buanionad gnó bunaithe acu sa Stát iarratas a dhéanamh ar oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a phléann lena gcuid gnóthaí cánach

Ní mór d'iarratasóirí neamhchónaitheacha atá cláraithe um cháin Éireannach agus nach bhfuil buanionad gnó bunaithe acu sa Stát a n-iarratas ar dheimhniú imréitigh cánach a dhéanamh ar: Ceantar Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath na gCoimisinéirí, 9/15 Sráid Uí

Chonaill Uachtair, Baile Átha Cliath 1. Teileafón 01 865 5000, R-phost: **dublincitycentreitct@revenue.ie**

Ní mór d'iarratasóirí neamhchónaitheacha nach bhfuil cláraithe um cháin na hÉireann agus nach bhfuil buanionad gnó bunaithe acu sa Stát iarratas a dhéanamh ar:

An tAonad um Neamhchónaitheoirí

Rannóg an Ard-Bhailitheora

Teach Sarsfield

Sráid Phroinsias

Luimneach

Facs: 00 353 61 488673

R-phost: nonrestaxclearance@revenue.ie

Ba cheart d'iarratasóirí a shonrú nach mór go mbeadh a gcuid gnóthaí cánach go hiomlán suas le dáta sula n-eiseofar Deimhniú Imréitigh Cánach.

Cuid 2-Daoine Cuntasacha

2.1 Cé hé Duine Cuntasach?

Chun críocha PSWT, is daoine cuntasacha iad na comhlachtaí poiblí seo a leanas:

- Oifigí agus Ranna Rialtais,
- Údaráis áitiúla
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Health Service Executive
- Comhlachtaí stát-tionscanta tráchtála agus neamhthráchtála agus a gcuid fo-chomhlachtaí.

Tugtar liosta cuimsitheach de dhaoine cuntasacha i Sceideal 13 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997. Tá cóip den liosta seo in **Aguisín 2**.

Áit nach bhfuil comhlacht/eagraíocht cinnte an duine cuntasach é, féadann sé comhairle a fháil ón Rannóg Cánacha Ioncaim agus Caipitiúla (féach na sonraí teagmhála i gCuid 6).

2.2 Clárú Daoine Cuntasacha

Chun scéim PSWT a fheidhmiú, ní mór do dhaoine cuntasacha iad féin a chlárú leis na Coimisinéirí Ioncaim. Tá eolas maidir le foirmeacha PSWT leagtha amach i gCuid 5.

Tráth a chláraithe, tugtar uimhir chláraithe PSWT don duine cuntasach agus déantar socruithe chun na foirmeacha is gá d'fheidhmiú na scéime a sholáthar don duine sin.

Ní mór uimhir chláraithe PSWT duine cuntasaigh a lua ar na doiciméid PSWT ar fad a úsáideann an duine cuntasach sin.

2.3 Íocaíochtaí a rinneadh ag brainse nó gníomhaireacht de chuid duine cuntasaigh atá bunaithe thar lear

Baineann PSWT le gach íocaíocht as seirbhísí gairmiúla a dhéantar ag daoine cuntasacha le neamhchónaitheoir. Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim leis áfach, nach gá PSWT a dhéaduchtú a asbhaint ó íocaíochtaí ag brainse nó gníomhaireacht atá bunaithe thar lear de chuid comhlacht atá cónaitheach in Éirinn agus ar duine cuntasach é, ar na cúinsí seo a leanas:

- áit a ndéantar an íocaíocht thar lear ag an mbrainse/gníomhaireacht,
- áit a ndéantar an íocaíocht as seirbhísí gairmiúla a cuireadh ar fáil thar lear don bhrainse/gníomhaireacht,
  agus
- go bhfuil an duine atá ag soláthar na seirbhíse gairmiúla (an t-íocaí) cónaitheach thar lear.

I ngach cás eile, ba cheart PSWT a asbhaint ag daoine cuntasacha ó íocaíochtaí le neamhchónaitheoirí.

2.4 Íocaíochtaí Idirghrúpa

Ní gá PSWT a asbhaint as íocaíochtaí i leith seirbhísí gairmiúla a dhéanann cuideachta ar duine cuntasach í, nuair a dhéantar íocaíochtaí dá leithéid:

- le fochuideachta den chuideachta, nó
- ag fochuideachta lena mháthairchuideachta, nó
- ag fochuideachta amháin le fochuideachta eile de mháthairchuideachta coiteann.

Ciallaíonn fochuideachta chun na críocha seo fochuideachta 51%.

2.5 Íocaíochtaí déanta idir Daoine Cuntasacha

Ní mór do dhaoine cuntasacha PSWT a asbhaint as gach íocaíocht a dhéantar i leith seirbhísí gairmiúla **lena n-áirítear íocaíochtaí a dhéantar le daoine cuntasacha eile.**

Ach tá roinnt íocaíochtaí eisiata, is iad sin ná:

- íocaíochtaí le daoine cuntasacha eile mar aisíoc íocaíochta as seirbhísí gairmiúla
- áit a bhfuil ioncam an duine chuntasaigh atá ag fáil na híocaíochta díolmhaithe ó cháin ioncaim nó cáin chorparáide.

Áit a dtagann íocaíochtaí idir daoine cuntasacha laistigh den dara catagóir thuas, ba cheart don íocóir dearbhú a fháil í scríobh ón íocaí go bhfuil siad clúdaithe ag an eisiamh sin.

2.6 Íocaíochtaí ag Daoine Cuntasacha le Carthanais

Ní bhaineann PSWT le íocaíochtaí as seirbhísí gairmiúla le carthanais ar dheonaigh na Coimisinéirí Ioncaim díolmhú ó cháin dóibh. Sa chás sin, ba cheart don íocóir dearbhú a fháil i scríobh ón íocaí go bhfuil siad clúdaithe ag an eisiamh sin. Ar na cúinsí nach gcuirtear an dearbhú sin ar fáil, ba cheart PSWT a asbhaint.

2.7 Íocaíochtaí ag Daoine Cuntasacha le Neamhchónaitheoirí

Faoi réir alt 2.3, ní mór PSWT a asbhaint ó na híocaíochtaí ábhartha go léir le neamhchónaitheoirí.

Áit a n-asbhaineann duine cuntasach PSWT ó íocaíocht le neamhchónaitheoir, ní mór dó Foirm P45 a thabhairt i leith na híocaíochta sin leis an neamhchónaitheoir. Ní mór go mbeadh méideanna a thaispeántar ar fhoirmeacha F45 i Euro. Is féidir na méideanna comhionanna san airgeadra eachtrach a thaispeáint idir lúibíní taobh leis na méideanna i Euro.

Ní bhaineann aon mheicníocht réamhghlanta le haghaidh daoine sonraithe i dtíortha an chonradh cánach.

Féadann neamhchónaitheoirí éileamh a dhéanamh ar chreidmheas nó aisíocaíocht PSWT a asbhaineadh (féach alt 3.4)

2.8 Cumhachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá na Coimisinéirí Ioncaim cumhachtaithe chun measúnuithe a ardú ar gach íocóir cánach má dhiúltaíonn siad nó má mhainníonn siad cáin a íoc atá ag dul leis na Coimisinéirí Ioncaim. Tá daoine cuntasacha freagrach as PSWT a asbhaint agus a loghadh. Mar sin má dhiúltaíonn nó má mhainníonn duine cuntasach PSWT a loghadh, tá na Coimisinéirí Ioncaim cumhachtaithe chun measúnuithe a ardú ar an duine cuntasach sin.

Tugann Alt 904J den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 cumhachtaí do na Coimisinéirí Ioncaim chun iniúchtaí ar an láthair a dhéanamh ar dhaoine cuntasacha.

Cuid 3 - Daoine Sonraithe

3.1 Cé hiad Daoine Sonraithe?

Is daoine iad daoine sonraithe a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla a ndéantar íocaíochtaí ábhartha ina leith ag daoine cuntasacha. Áirítear mar dhaoine sonraithe daoine aonair, cuideachtaí nó comhpháirtíochtaí. Ní mór do dhaoine cuntasacha PSWT a asbhaint as íocaíochtaí ábhartha déanta le gach duine sonraithe, ar a n-áirítear daoine sonraithe nach mbeidh, ar deireadh thiar b'fhéidir, dliteanas cánach acu (m.sh. neamhchónaitheoirí).

Ní mór PSWT a asbhaint ó íocaíochtaí ábhartha a dhéantar ag duine cuntasach le duine sonraithe ainneoin go dtaispeánann an duine sonraithe Deimhniú Imréitigh Cánach (féach alt 1.9).

3.2 Creidmheas/Aisíocaíocht PSWT le Daoine Sonraithe

Ach amháin áit a ndéanann duine aonair gnó a thionscain, tá PSWT arna asbhaint ag duine cuntasach as íocaíocht ábhartha le duine sonraithe, ar fáil lena fhritháireamh i gcoinne dhliteanas deiridh cánach ioncaim/corparáide an duine sonraithe i leith na tréimhse ina ngearrtar cáin ar an íocaíocht ábhartha.

I gcás duine aonair atá ag déanamh gnó a thionscain, ní gnách go dtabharfar creidmheas le haghaidh PSWT a asbhaineadh sa chéad bhliain de ghnó go dtí an dara bliain den mheasúnú. Is é an fáth go dtagann sé sin chun cinn ná go mbíonn cuntais na chéad 12 mhí ina mbunús le haghaidh dhá bhliana de mheasúnú agus go meastar go bhfuil an PSWT asbhainte sa dara tréimhse bunúis. D'fhéadfadh nach gcáileodh duine den sórt sin le haghaidh aisíocaíochta eatramhaí áfach.

Nuair a dhéanann an duine cuntasach an íocaíocht a bhfuil PSWT asbhainte uaithi, tugann sé/sí foirm F45 don duine sonraithe. Sonraíonn an fhoirm,

- méid na híocaíochta ábhartha, agus
- an méid PSWT a asbhaineadh.

Is fianaise í foirm F45 go bhfuil PSWT asbhainte as íocaíochtaí a dhéantar leis an duine sonraithe. Mar sin is doiciméad luachmhar í agus is cóir don duine sonraithe í a choinneáil go cúramach.

Is féidir le daoine sonraithe creidmheas/aisíocaíocht a éileamh i leith PSWT asbhainte i rith bliana cánach/tréimhse cuntasaíochta ach an chuid ábhartha dá dtuairisceán cánach a chomhlánú. Cé nach gá foirmeacha F45 a chur isteach a thuilleadh leis an tuairisceán cánach, is cóir iad a choinneáil go cúramach mar ní mór iad a thíolacadh dá n-oifig chánach lena bhfíorú má iarrtar sin. Má éiríonn as creidmheas go bhfuil ró-íocaíocht cánach íoctha ag an duine sonraithe, aisíoctar an farasbarr, faoi réir aon dliteanais cánach eile atá fós le híoc ag an duine sonraithe.

Sa mhéid gur mó an tsuim asbhainte PSWT ná dliteanas cánach na tréimhse roimhe, is féidir aisíocaíochtaí eatramhacha PSWT a dhéanamh faoi réir na trí choinníoll seo a leanas a chomhlíonadh:

(i) Go bhfuil na brabúis le haghaidh na tréimhse díreach roimh thréimhse an éilimh curtha i gcrích,

(ii) Go bhfuil an cháin atá iníoctha le haghaidh na tréimhse roimh íoctha go hiomlán, agus

(iii) Ní mór Foirmeacha F45 le haghaidh an PSWT atá i gceist a sholáthar d'oifig chánach an íocóra cánach.

Chomh maith leis sin, is féidir aisíocaíochtaí eatramhacha a dhéanamh ar chúiseanna cruatain speisalta fiú mura bhfuil na coinníollacha ar fad don aisíocaíocht eatramhach comhlíonta.

Is féidir cuid de na coinníollacha thuas nó iad go léir a tharscaoileadh áit a bhfuil méideanna PSWT atá iarchoimeádta i bhfad níos mó ná an dliteanas deireanach cosúlach agus dá mainneofaí na coinníollacha a chomhlíonadh nach gceadófaí aisíocaíocht eatramhach ar chúinsí áirithe mar:

- mar gheall ar fháltas aon uaire nó neamhghnách, laghdú aon uaire nó neamhghnách ar ioncam, nó laghdú buan inchruthaithe ar ioncam, **nó**
- má tá moill leis an dliteanas cánach a chur i gcríoch le haghaidh bliana áirithe nach raibh an t-íocóir cánach freagrach as, mar thoradh ar bhreoiteacht nó cúinsí eisceachtúla eile, **nó**
- má sháraíonn dliteanas cánach ioncaim (glan ó PSWT a cuireadh chun sochair) a íocadh i dtréimhse éilimh i dteannta le PSWT a asbhaineadh sa tréimhse méid a thángthas air trí hioncam an íocóra cánach le haghaidh na tréimhse a iolrú faoin ráta níos airde cánach a bhaineann le haghaidh na tréimhse sin.

Ba cheart i gcónaí Foirmeacha F45 a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim agus aisíocaíocht eatramhach á héileamh.

Tá tuilleadh eolais ar aisíocaíochtaí eatramhacha ar áireamh sa Ráiteas Cleachtais SP - IT/3/90

http://www.revenue.ie/leaflet/sp-it-3-90.doc

3.3 Cad ba cheart a dhéanamh má Chaillteár, má Scriostar Foirm F45 nó má tá sí mícheart

Foirm F45 Caillte/Scriosta

Ba cheart do dhaoine sonraithe foirmeacha F45 a choinneáil go cúramach. Áit a gcailltear nó a scriostar go heisceachtúil foirm F45 a tugadh do dhuine sonraithe, ba cheart don duine sonraithe (i) é sin a chur ar eolas an duine chuntasaigh a bhfuair sé/sí an fhoirm F45 agus (ii) iarraidh ar an duine cuntasach foirm F43 a eisiúint. Téann

foirmeacha F43 in ionad foirmeacha F45 a chaillteár nó a scriostar agus is iad an t-aon chineál eile fianaise a nglacfaidh na Coimisinéirí Ioncaim léi. Tá alt in Eagrán 28 de Tax Briefing a dhéanann soiléiriú ar na cúinsí inar cheart foirmeacha F43 a lorg ó dhuine cuntasach. (féach **Aguisín 3**)

Form F45 Mcheart

Má tá sonra nó sonraí ar fhoirm F45 a tugadh do dhuine sonraithe mícheart, is cóir don duine sonraithe an earráid a chur in iúl don duine cuntasach.

Is iad na hearráidí is minice ná:

- tá suim na híocaíochta ábhartha atá luaite ar an F45 mícheart, nó
- tá méid an PSWT atá sonraithe ar an F45 mícheart

Eiseoidh an duine cuntasach foirm F43 ag taispeáint na sonraí cearta. Is cóir don duine sonraithe an F43 seo, in ionad an F45 nach bhfuil ceart, a chur chuig an oifig chánach aige/aici arna iarraidh sin chun éileamh ar chreidmheas/aisíoc PSWT a fhíorú (agus an fhoirm F45 mícheart fillte ar an duine cuntasach).

3.4 Cár féidir Creidmheas/Aisíocaíocht i leith PSWT a Éileamh

Ginearálta

Seachas na catagóirí sonracha de dhaoine sonracha atá aitheanta thíos, ba cheart éilimh ar :

- chreidmheas,
- aisíocaíocht, **nó**
- aisíocaíochtaí eatramhacha,

PSWT a dhéanamh chuig an oifig chánach a phléann le gnóthaí cánach an duine sonraithe. Is in Oifig Chánach an duine sonraithe amháin a bpléitear le creidmheasanna nó aisíocaíochtaí PSWT. Mar sin, níor cheart foirmeacha F45/F43 a sheoladh chuig Rannóg an Ard-Bhailitheora.

Carthanais

Ba cheart éilimh ar aisíocaíocht PSWT ag daoine sonraithe ar carthanais iad a chur chuig

Roinn na gCarthanas

Rannóg an Ard-Bhailitheora

Oifigí an Rialtais

An tAonach

Contae Thiobraid Árann

Teil: 1890666333 (Poblacht na hÉireann amháin)

00 3536763400 (ó Iasmuigh d'Éirinn)

R-phost: charities@revenue.ie

Neamhchónaitheoirí

Áit nach bhfuil neamhchónaitheoir inmhuirir i leith cánach sa Stát sa tréimhse a n-asbhaintear an PSWT inti, ba cheart aisíocaíocht an PSWT a éileamh ó:

Na Coimisinéirí Ioncaim

Rannóg na n-Éileamh Idirnáisiúnta

Oifigí an Rialtais

An tAonach

Contae Thiobraid Árann

Teil: 1890666333 (Poblacht na hÉireann amháin)

00 3536763400 (ó Iasmuigh d'Éirinn)

R-phost: intclaims@revenue.ie

Maidir le neamhchónaitheoirí a éilíonn aisíoc PSWT, is cóir dóibh foirm éilimh (ar fáil ó Rannóg na n-Éileamh Idirnáisiúnta agus ag **www.revenue.ie**) a chomhlánú agus í a chur le foirmeacha F45 chuig an seoladh thuas. I gcás go bhfuil neamhchónaitheoirí ag éileamh den chéad uair ní mór don Rannóg sin deimhniú a fháil ón Údarás Cánach Ioncaim coigríche go bhfuil an t-éilitheoir cónaitheach sa tír sin. Níl athdheimhniú ag teastáil go dtí go n-iarrann an Rannóg é. De ghnáth, beidh sé seo ag teastáil cúig bliana tar éis dháta na chéad éilimh.

Áit a bhfuil neamhchónaitheoir inmhuirir i leith cánach sa Stát le haghaidh na tréimhse a n-asbhaintear an PSWT inti, ba cheart éilimh ar chreidmheas, aisíocaíocht nó aisíocaíocht eatramhach a dhéanamh ar an oifig chánach a phléann le gnóthaí cánach an neamhchónaitheora. Tá cáin inghearrtha ar neamhchónaitheoirí sa Stát don tréimhse a n-asbhaintear an PSWT ina leith más rud é go seolann siad gnó, i rith na tréimhse sin, trí bhunáit bhuan atá suite sa Stát.

Cuid 4 - Seirbhísí Gairmiúla

4.1 Seirbhísí atá clúdaithe ag PSWT

Baineann PSWT le seirbhísí gairmiúla a sholáthar. Liostaíonn Alt 520 den Acht Comhdhlúite Cánacha seirbhísí a thagann laistigh de bhrí seirbhísí gairmiúla. Forálann sé n-áirítear i measc na seirbhísí gairmiúla atá faoi réir PSWT,

- seirbhísí a bhaineann le liacht, déidliacht, cógais, cóireáil optúil, cóireáil cluaise, nó tréidliacht,
- seirbhísí a bhaineann le hailtireacht, innealtóireacht, suirbhéireacht cainníochta nó suirbhéireacht, agus seirbhísí gaolmhara,
- seirbhísí a bhaineann le cuntasaíocht, iniúchadh, nó airgeadas agus seirbhísí comhairleachtaí airgeadais, eacnamaíochta,
- margaíochta, fógraíochta nó comhairleachtaí eile,
- seirbhísí aturnae nó abhcóide nó seirbhísí dlíthiúla eile,
- seirbhísí geolaíocha, agus
- seirbhísí oiliúna arna soláthar ar son FÁS.

Níl liosta cuimsitheach é sin. Tháinig ceisteanna chun cinn maidir le cibé an dtagann nó nach dtagann seirbhísí áirithe laistigh de théarmaí PSWT. Tá achoimre ar sheasamh na gCoimisinéirí maidir le PSWT a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí éagsúla leagtha amach in **Aguisín 4**. I gcás cuid de na seirbhísí atá ar áireamh san aguisín, féachann an chomhairle chuig idirdhealú a dhéanamh idir na cásanna áit a mbainfidh nó nach mbainfidh PSWT. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh nach dtarraingeodh an tseirbhís inti féin PSWT. Áit a bhfuil an tseirbhís sin ina cuid de sheirbhís comhairliúcháin níos leithne áfach, thiocfadh sé laistigh de réimse PSWT. Mar shampla, áit a bhfuil priontáil foirmeacha mar chuid de sheirbhís ghairmiúil iomlán a sholáthraítear do dhuine cuntasach, is costas é a tharraingítear agus an tseirbhís sin á soláthar. Tá méid iomlán na híocaíochta i dtaobh na seirbhíse iomláine faoi réir PSWT. Áit mar shampla a dtugann duine cuntasach coimisiún do dhuine sonraithe chun bróisiúr a phriontáil agus a dhearadh, tá an íocaíocht iomlán as an mbróisiúr a dhéanamh (lena n-áirítear an bróisiúr a phriontáil) faoi réir PSWT. Ach murar bhain an coimisiún ach leis an mbróisiúr a phriontáil, ansin ní bheadh íocaíocht i dtaobh na seirbhíse priontála faoi réir PSWT.

4.2 Seirbhísí nach mbreathnaítear orthu mar Sheirbhísí Gairmiúla chun críocha PSWT

Ní bhreathnaíonn na Coimisinéirí Ioncaim ar na seirbhísí seo a leanas mar sheirbhísí gairmiúla chun críocha PSWT: -

- Seirbhísí múinteoireachta, oiliúna nó léachtóireachta **seachas** seirbhísí oiliúna a sholáthraítear ar son FÁS (féach **Aguisín 5**)
- Seirbhísí aistriúcháin lena n-áirítear seirbhísí ateangaire
- Seirbhísí profála

- Seirbhísí gearrscríobhaithe
- Scrúdaithe béil, cluas-scrúduithe nó scrúduithe scríofa
- Seirbhísí glantacháin conartha
- Obair chothabhála agus deisiúcháin

Cuid 5- PSWT a Riar

5.1 Foirmeacha PSWT

Is iad na foirmeacha a úsáidtear agus PSTW á riar ná:

- Foirm F45 - a eisítear ag duine cuntasach nuair a dhéanann sé/sí íocaíocht ábhartha le duine sonraithe.
- Foirm F43 -a eisíonn duine cuntasach le duine sonraithe áit a bhfuil Foirm F45 (i) caillte nó scriosta nó (ii) áit a bhfuil na sonraí ar an F45 mícheart.
- Foirm F30 - is é a sin an tuairisceán míosúil a dhéanann duine cuntasach do na Coimisinéirí Ioncaim ar an méid iomlán PSWT a asbhaineadh ó gach íocaíocht ábhartha a rinne an duine cuntasach sa mhí roimhe.
- Foirm F35 - is é sin an tuairisceán bliantúil a dhéanann duine cuntasach ag sonrú a ndliteanas PSWT le haghaidh na bliana cánach. Téann sceideal leis a thugann sonraí ar iomlán na n-íocaíochtaí ábhartha a rinneadh le gach duine sonraithe sa bhliain chánach chomh maith leis an méid iomlán PSWT a asbhaineadh uathu.

5.2 Foirm F45

(1) Ginearálta

Doiciméad luachmhar atá i bhFoirm F45 mar soláthraíonn sí fianaise dhoiciméadach ar an méid PSWT a asbhaineadh ó íocaíocht ábhartha. Léiríonn foirm F45 comhlánaithe:

- méid na híocaíochta ábhartha
- an méid PSWT a asbhaineadh
- an méid CBL a gearradh, más ann dó

Ní foláir do dhaoine sonraithe a gcuid foirmeacha F45 a choinneáil le haghaidh cigireachta toisc go bhféadfadh go mbeidís ag teastáil ó na Coimisinéirí Ioncaim chun tacú le hiarratas ar chreidmheas/aisíocaíocht PSWT a asbhaineadh. Ní foláir F45 amháin a eisiúint i dtaca le gach íocaíocht ábhartha a dhéantar, ar a n-áirítear íocaíochtaí ábhartha le daoine sonraithe nach bhfuil uimhir Thagartha Cánach tugtha acu don duine suntasach.

Níor chóir riamh níos mó ná foirm F45 amháin a eisiúint i leith na híocaíochta ábhartha céanna. Mar sin, áit a gcaillte nó a scriostar foirm F45 a eisíodh chuig duine sonraithe nó áit nach mór na sonraí a iontráladh a athrú, ba cheart foirm F43 a lorg ón duine cuntasach.

Tá dhá leagan d'fhoirmeacha F45 ar fáil - leagan láimhe agus leagan ríomhairithe.

Nuair a chláraíonn siad le haghaidh PSWT, tabharfaidh an duine cuntasach le fios an bhfuil sé ar intinn acu an leagan F45 atá ar fáil le comhlánú a úsáid agus córas ríomhairithe á úsáid nó an fhoirm F45 a chomhlánaítear de lámh.

(2) Uimhreacha Slándála

Is é atá in uimhreacha slándála ná sé dhigit le carachtar alfa rompu. Cuimsítear an uimhir slándála sna foirmeacha láimhe F45. Má cheadaíonn na Coimisinéirí Ioncaim páipéarachas ríomhairithe a úsáid, soláthraíonn siad raon uimhreacha slándála lena n-úsáid leis an bpáipéarachas sin.

Coinníonn na Coimisinéirí Ioncaim clár den raon uimhreacha slándála a eisítear do gach duine cuntasach. Beidh ar dhaoine cuntasacha céimeanna a thógáil lena chinntiú nach n-úsáidtear ach uimhreacha slándála as an raon uimhreacha a sannadh dóibh. Ní mór don duine cuntasach a chinntiú go dtaispeántar uimhir slándála as an raon sin ar gach foirm F45 a eisítear. Ní féidir uimhir slándála a úsáid ach uair amháin.

(3) Foirmeacha F45 le comhlánú agus Córas Ríomhairithe á Úsáid

(a) Cead na gCoimisinéirí Ioncaim

Áit a n-iarrann duine cuntasach cead ó na Coimisinéirí Ioncaim chun páipéarachas leanúnach/léasair a úsáid chun F45 a chomhlánú, ní mór go mbeadh córas ríomhaire an duine chuntasaigh an in ann:

- foirm F45 a eisiúint i dtaobh gach íocaíochta ábhartha a rinneadh.
- uimhir slándála as raon na n-uimhreacha a sholáthair an oifig chánach a phriontáil ar gach F45 a eisítear
- taifead sonrach ar gach íocaíocht ábhartha a choinneáil lena n-áirítear taifead ar an uimhir slándála atá sannta don íocaíocht sin.

Ina theannta sin más rud é go bhfuil ríomh á dhéanamh freisin ag an gcóras ríomhaireachta maidir leo seo:

- seoladh/tuairisciú miosúil PSWT do Rannóg an Ard-Bhailitheora: ba chóir don chóras an íocaíocht mhíosúil a athrú chun earráidí a rinneadh agus a leasaíodh san íocaíocht sa bliain chánach a thabhairt san áireamh.
- dliteanas bliantúil PSWT an duine chuntasaigh: ba chóir don chóras sceideal cinn bliana a dhéanamh a thógann san áireamh earráidí íocaíochta a rinneadh agus a leasaíodh sa bhliain chánach.

(b) Páipéarachas Leanúnach F45 (arna sholáthar ag na Coimisinéirí Ioncaim)

Áit a roghnaíonn duine cuntasach páipéarachas leanúnach a úsáid tar éis cead a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim (mar a bhfuil tagairt dó thuas), soláthróidh na Coimisinéirí Ioncaim na foirmeacha F45 atá riachtanach don duine cuntasach. Tá samplaí den pháipéarachas seo ar fáil le tástáil, ar iarratas ón Rannóg Cánacha Ioncaim agus Caipitiúla.

(c) Páipéarachas Láimhe atá ceadaithe ag na Coimisinéirí

Thug na Coimisinéirí cead freisin do leagan léasair den fhoirm F45 le comhlánú agus córas ríomhairithe á úsáid. Tá eolas maidir leis an leagan sin den F45 a fháil ar fáil ón Rannóg Cánacha Ioncaim agus Caipitiúla.

(4) Foirmeacha F45 le comhlánú de Lámh

Bíonn uimhir slándála priontáilte ar gach foirm láimhe F45. Coimeádann na Coimisinéirí Ioncaim clár de na foirmeacha láimhe F45 go léir a eisíodh, trí thagairt do na huimhreacha slándála. Ba cheart foirmeacha F45 a choimeád in áit shlán ag an duine cuntasach a bhfuil siad sannta dó/di mar is é an duine cuntasach sin atá freagrach astu nuair a fhaightear ó na Coimisinéirí Ioncaim iad.

Nuair atá íocaíocht ábhartha á déanamh, ba cheart cuid 1 de Fhoirm F45 a thabhairt don duine sonraithe agus ba cheart don duine cuntasach cuid 2 a choinneáil. Coinníonn an duine cuntasach cuid 2 mar thaifead ar

- an íocaíocht ábhartha a rinneadh, agus
- an uimhir slándála a théann leis sin.

(5) Comhlánú Foirm F45 ag Duine Cuntasach

Ba cheart gach cuid d'fhoirm F45 a chomlánú go hiomlán. Is iad na pointí faoi leith le tabhairt faoi deara ná

(a) Sonraí an Duine Sonraithe

Mura bhfuil uimhir thagartha cánach soláthraithe ag an duine sonraithe, is cóir don duine cuntasach a iarraidh air/uirthi í a sholáthar. Má mhainníonn an duine sonraithe uimhir thagartha cánach a sholáthar, is cóir don duine cuntasach foirm F45 a eisiúint ag fágáil an spáis don uimhir thagartha cánach gan líonadh isteach. Ardóidh an oifig chánach an cheist go díreach leis an duine sonraithe.

Daoine sonraithe nach bhfuil cónaitheach sa Stát agus nach bhfuil uimhir thagartha cánach Éireannach acu, is cóir dóibh a n-uimhir thagartha cánach coigríche a lua.

(b) Sonraí Íocaíochtaí Ábhartha

Cuir isteach ag **A1** méid na híocaíochta atá faoi réir PSWT, lena n-áirítear an CBL a bhaineann leis sin.

Cuir isteach ag **A2** an méid CBL. Eisítear CBL ón muirear ar PSWT.

Cuir isteach **A3** an méid PSWT a asbhaineadh. Déantar é sin a ríomh tríd an eilimint CBL a eisiamh ón ollíocaíocht agus an ráta caighdeánach cánach a chur i bhfeidhm, mar seo a leanas:

(A1 - A2) x ráta caighdeánach cánach

Ní mór méideanna ar an bhfoirm F45 a íoc i Euro. Áit a ndéantar íocaíocht le duine atá cónaitheach taobh amuigh den Stát, is féidir na méideanna coibhéiseacha in airgeadra eachtrach a thaispeáint idir lúibíní taobh leis na méideanna i Euro.

5.3 Foirm F43

Ní cóir F43 a eisiúint ach ar chúinsí eisceachtúla.

Tugann duine cuntasach foirm F43 do dhuine sonraithe ar na cúinsí seo a leanas

- gur cailleadh nó gur scriosadh an fhoirm F45 a tugadh don duine agus go n-iarrann an duine sonraithe dúblach (ar na cúinsí sin ba cheart don duine cuntasach dearbhú scríofa a lorg a thugann le fios go bhfuil an F45 caillte nó scriosta) nó
- má tá an fhoirm F45 mícheart (ar na cúinsí sin, ba cheart don duine cuntasach a chinntiú go bhfaightear an F45 bunaidh ar ais ón duine sonraithe agus an fhoirm F43 á eisiúint).

Caithfidh daoine cuntasacha a chur in iúl sa spás a sholáthraítear an bhfuil an fhoirm F43 eisithe mar **dhúblach** de F45 nó mar **leasú** ar an F45 bunaidh.

Má tá an F45 caillte nó scriosta, ní mór don duine cuntasach na sonraí a bhí ar an bhfoirm bhunaidh F45 a chur ar an bhfoirm F43 tic a chur sa bhosca **dúblach** ar an bhfoirm F43. Nuair a eisítear an fhoirm F43 mar leasú, is é sin, toisc an F45 a cuireadh amach a bheith mícheart, ní mór don duine cuntasach na sonraí cearta a chur isteach ar an F43 agus tic a chur sa bhosca don **leasú** ar an F43.

Ní foláir an uimhir slándála ar an bhfoirm bhunaidh F45 a aistriú go dtí an fhoirm F43, sa spás lena haghaidh. Mura bhfuil sé sin déanta ní bheidh an fhoirm F43 bailí.

Tá uimhir slándála réamhphriontáilte sannta do gach foirm F43. Ba cheart foirmeacha F43 a stóráil in áit shláin, toisc gurb é an duine cuntasach atá freagrach astu agus iad faighte acu ó na Coimisinéirí Ioncaim. Tá foirm F43 roinnte i dtrí chuid:-

- Tugtar F43 cuid 1 don duine sonraithe
- Coinníonn an duine cuntasach F43 cuid 2
- Coinníonn an duine cuntasach F43 cuid 3 freisin nuair a eisítear F43 mar F45 **dúblach**. Áit a n-eisítear an F43 mar **leasú** ar an F45 bunaidh, ba cheart F43 cuid 3 a chomhdú i dteannta leis an bhfoirm bhunaidh F45 a fhilleann an duine sonraithe.

Má eisítear foirm F43 chun suim na híocaíochta ábhartha nó PSWT asbhainte ar an bhfoirm bhunaidh F45 a leasú, ní mór don duine cuntasach a chinntiú go bhfuil na figiúirí leasaithe curtha isteach ar na foirmeacha ábhartha um thuairisceán míosúil agus bliantúil (F30 & F35).

Tá alt maidir le foirm F43 a úsáid i gceart i 'Tax Briefing' Eagrán 28. Tugtar téacs an ailt seo ag **Aguisín 3**.

5.4 Foirm F30

Is ráiteas í foirm F30 ar shuim iomlán PSWT a asbhaineadh ag an duine cuntasach ón gcéad lá den mhí chánach ioncaim go dtí an lá deireanach den mhí chánach chéanna. Eisíonn Rannóg an Ard-Bhailitheora an fhoirm agus ní mór í a chur ar ais chuig an Rannóg sin mar aon le híocaíocht PSWT laistigh de 14 lá ó dheireadh na míosa cánach ioncaim sin. Mar shampla ní mór an F30 le haghaidh mí Márta in aon bhliain a fhilleadh ar Rannóg an Ard-Bhailitheora i dteannta leis an íocaíocht ábhartha PSWT faoi 14 Aibreán den bhliain sin. Nuair nach n-asbhaintear PSWT ar bith ag an duine cuntasach i mí áirithe, is cóir tuairisceán "Neamhní" a chur go dtí Rannóg an Ard-Bhailitheora ar an bhfoirm F30. Is cóir ceisteanna maidir le foirmeacha F30 a chur chuig Rannóg an Ard-Bhailitheora.

Féadann daoine cuntasacha a gcuid tuairisceán F30 a chuir isteach agus Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) a úsáid féach **http://www.ros.ie/**

5.5 Foirm F35

Ginearálta

Seo tuairisceán bliantúil a dhéanann daoine cuntasacha ag tuairisciú dhliteanas PSWT dóibh i mbliain chánach. Eisíonn Rannóg an Ard-Bhailitheora an fhoirm seo agus ní mór í a chur ar ais chuig an Rannóg seo roimh an 15 Feabhra tar éis dheireadh na bliana cánach lena mbaineann sí. Murar asbhaineadh PSWT ar bith ag duine cuntasach i mbliain chánach, is cóir tuairisceán "Neamhní" a dhéanamh don bhliain sin.

Sonraí le tuairisciú ar fhoirm F35

Seo iad na sonraí atá le tuairisciú ar fhoirm F35:

- Dliteanas iomlán PSWT do bhliain chánach i leith gach íocaíochta ábhartha a rinneadh sa bhliain sin. Má eisítear foirmeacha F43 chun suim na híocaíochta ábhartha nó suim PSWT asbhainte ar an bhfoirm bhunaidh F45 a leasú, ní mór don duine cuntasach a chinntiú go gcuirtear na figiúirí leasaithe isteach ar fhoirm F35.
- Suim iomlán PSWT íoctha cheana le Rannóg an Ard-Bhailitheora don bhliain chánach trí nós imeachta míosúil F30 .
- An difríocht, más ann, idir dliteanas iomlán PSWT don bhliain chánach agus PSWT íoctha trasna chuig Rannóg an Ard-Bhailitheora. Má tá iarmhéid PSWT dlite do Rannán an Ard-Bhailitheora, is cóir an iarmhéid PSWT sin a chur isteach leis an F35. Má tá ró-íocaíocht PSWT déanta, aisíocfar an farasbarr, ach é a iarraidh, ag Rannóg an Ard-Bhailitheora.

Sceideal le Cur le Foirm F35

Is cóir sceideal a chur isteach le foirm F35, a thabharfaidh sonraí ar na híocaíochtaí ábhartha iomlána a rinneadh le gach duine sonraithe agus ar shuim iomlán PSWT a

asbhaineadh uaidh/uaithi sa bhliain chánach. Is cóir an sceideal a chur le chéile faoi na cúig cheannteideal atá liostaithe ar fhoirm F35 mar seo a leanas:

Ainm an Duine Sonraithe

Seoladh

Uimhir PSP/Uimhir thagartha cánach

Iomlán na n-Íocaíochtaí Ábhartha ar asbhaineadh PSWT uathu

Iomlán Asbhainte

Féadann daoine cuntasach a gcuid tuairisceán F35 a chur isteach agus Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) á úsáid féach **http://www.ros.ie/**

5.6 Iarratais ar Fhoirmeacha agus Uimhreacha Slándála

Seachas an leagan léasair den fhoirm F45, ba cheart iarratais ar fhoirmeacha F45 agus F43 chur faoi bhráid an Rannóg Cánacha Ioncaim agus Caipitiúla. Ní mór do dhaoine cuntasacha an t-eolas seo a leanas a sholáthar lena n-iarratas:

- Ainm an duine aonair atá a bhfuil na foirmeacha á n-iarraidh aige/aici
- Ainm, seoladh agus uimhir theileafóin an duine chuntasaigh
- Uimhir Chláraithe PSWT an duine chuntasaigh
- Cineál agus méid na bhfoirmeacha atá ag teastáil agus i gcás foirmeacha F45, an bhfuil foirmeacha láimhe nó foirmeacha páipéarachais leanúnaigh ag teastáil.

Ba cheart iarratais ar uimhreacha slándála le húsáid le páipéarachas leanúnach / páipéarachas léasair a chur faoi bhráid an Rannóg Cánacha Ioncaim agus Caipitiúla freisin.

5.7 Leagan Gaeilge d'Fhoirmeacha PSWT

Tá Foirm F45 (Láimhe), Foirm 43, Foirm F30 agus Foirm F35 ar fáil i nGaeilge.

Is cóir do dhaoine cuntasacha ar mian leo leagan Gaeilge de na foirmeacha PSWT thuas a úsáid, é sin a chur in iúl i scríbhinn don Rannán Cánacha Ioncaim agus Caipitiúla.

5.8 Ag Ceartú Earráidí

(a) PSWT asbhainte trí dhearmad

Má tá PSWT asbhainte as íocaíocht i leith seirbhíse **nár** sheirbhís ghairmiúil í agus curtha ar aghaidh chuig Rannán an Ard-Bhailitheora, is cóir don duine cuntasach litir a thabhairt don duine sonraithe á rá, toisc nár bhain an íocaíocht le seirbhís ghairmiúil, nár chóir PSWT a asbhaint. Is cóir don duine sonraithe an litir seo a chur mar aon leis an F45/1 ábhartha chuig an oifig chánach a phléann le gnóthaí cánach an duine sin.

Aisíocfaidh na Coimisinéirí leis an duine sonraithe an PSWT a asbhaineadh trí dhearmad.

Mura bhfuil an PSWT curtha chuig Rannán an Ard-Bhailitheora tráth ar aimsíodh an earráid, ní mór don duine cuntasach an F45 a fháil ar ais ón duine sonraithe agus an tsuim a asbhaineadh trí dhearmad a íoc. Is cóir don duine cuntasach an dá den F45 bunaidh a mharcáil, a chealú agus a choinneáil.

(b) An iomarca PSWT asbhainte

D'fhéadfadh go n-asbhainfí an iomarca PSWT dá ndéanfaí earráid sa ríomh. Áit a dtarlaíonn sé sin, of is cóir don duine cuntasach foirm F43 a chomhlánú ag taispeáint an figiúr ceart. Ba cheart í sin a thabhairt don duine sonraithe agus an fhoirm bhunaidh F45 a fháil ón duine sonraithe ansin. Is cóir íocaíocht na hiarmhéide atá dlite don duine sonraithe a chur isteach leis an bhfoirm F43. Is cóir don duine cuntasach an chéad thuairisceán míosúil eile PSWT a dhéantar do Rannóg an Ard-Bhailitheora a laghdú i leith na hearráide, suim is ionann agus an ró-íocaíocht PSWT don Rannán sin. Má thiteann an chéad tuairisceán eile i mbliain chánach éagsúil féach fo-alt (f) thíos.

(c) Gan dóthain PSWT asbhainte

D'fhéadfadh nach n-asbhainfí dóthain PSWT dá ndéanfaí earráid sa ríomh. Áit a dtarlaíonn sé sin, of is cóir don duine cuntasach foirm F43 a chomhlánú ag taispeáint an figiúr ceart. Ba cheart í sin a thabhairt don duine sonraithe agus an fhoirm bhunaidh F45 a fháil ón duine sonraithe ansin. Ní foláir don duine cuntasach an PSWT breise atá dlite ar an íocaíocht a chur isteach leis an gcéad tuairisceán miosúil PSWT (foirm F30) eile a dhéantar do Rannóg an Ard-Bhailitheora. Má thiteann an chéad thuairisceán eile i mbliain chánach éagsúil, féach fo-alt (f) thíos.

(d) Íocaíocht a rinneadh dhá uair

Áit a bhfuil íocaíocht ábhartha déanta dhá uair i leith an idirbhearta chéanna, ba chóir don duine cuntasach:

- an íocaíocht dhúbláilte agus an fhoirm F45 dhúbláilte a fháil ar ais ón duine sonraithe.
- an fhoirm F45 dhúbláilte, codanna 1 agus 2 a choinneáil agus iad araon a mharcáil "cealaithe"
- an chéad íocaíocht/tuairisceán mhíosúil PSWT eile a dhéantar le Rannóg an Ard-Bhailitheora a laghdú suim is ionann agus an ró-íocaíocht don Rannóg sin, i leith na hearráide.

Má thiteann an chéad thuairisceán eile i mbliain chánach éagsúil, féach fo-alt (f) thíos.

(e) Íocaíocht tugtha don duine ceart

Ní foláir don duine cuntasach:

- an íocaíocht agus an F45 a eisíodh don duine mícheart a aisghabháil.

- an F45, codanna 1 agus 2, a choinneáil agus iad araon a mharcáil "cealaithe".
- F45 nua a eisiúint don duine sonraithe ceart mar aon leis an íocaíocht atá dlite don duine sin.

Cé nach gá aon leasú a dhéanamh ar an íocaíocht PSWT le Rannóg an Ard-Bhailitheora, ba cheart a bheith cúramach go léiríonn an sceideal a théann le foirm F35 (tuairisceán bliantúil) go cruinn na híocaíochtaí a rinneadh le gach duine sonraithe. Má dhéantar an íocaíocht leis an duine ceart i mbliain chánach éagsúil áfach, féach fo-alt (f) thíos.

(f) Earráid a rinneadh i mbliain chánach amháin agus a ceartaíodh sa bhliain chánach ina diaidh

Más rud é go n-aimsítear earráid PSWT i leith bliana cánach tar éis d'fhoirm F35 don bhliain chánach sin a bheith curtha chuig Rannóg an Ard-Bhailitheora, ní féidir an earráid sin a cheartú tríd an chéad íocaíocht mhíosúil eile don Rannóg sin a choigeartú.

Ina ionad sin, is cóir F35 leasaithe a chomhlánú agus a chur isteach chuig Rannóg an Ard-Bhailitheora. Más gá, ag éirí as an F35 leasaithe, go gcaithfear tuilleadh PSWT a íoc le Rannóg an Ard-Bhailitheora, is cóir seic don mhéid sin a chur leis an F35 leasaithe. Má thaispeánann an F35 leasaithe go bhfuil an iomarca PSWT íoctha ag an duine cuntasach déanfaidh Rannóg an Ard-Bhailitheora teagmháil go díreach leis an duine cuntasach.

Cuid 6- Teagmháil le hOifigí na gCoimisinéirí Ioncaim

6.1 Daoine Cuntasacha

Ba cheart ceisteanna maidir le híocaíocht PSWT agus foirmeacha F30 agus F35 a chur faoi bhráid Rannóg an Ard-Bhailitheora.

Rannóg an Ard-Bhailitheora,

Na Coimisinéirí Ioncaim,

Teach Sarsfield,

Sráid Phroinsias,

Luimneach.

Teil: 1890203070

Ba cheart ceisteanna maidir le clárú le haghaidh PSWT, agus foirmeacha F45 & F43 a chur faoi bhráid

An Rannóg Cánacha Ioncaim agus Caipitiúla,

An Foirgneamh Stampála,

Na Coimisinéirí Ioncaim,

Caisleán Bhaile Átha Cliath,

Baile Átha Cliath 2.

Teil: 01 6475000

00 3531647500 (ó lasmuigh d'Éirinn)

R-phost: pswt@revenue.ie

6.2 Daoine Sonraithe

Ba cheart do dhaoine sonraithe a bhfuil PSWT asbhainte uathu teagmháil a dhéanamh leis an oifig chánach a phléann lena gcuid gnóthaí cánach maidir le héilimh ar chreidmheas nó aisíocaíochtaí ábhartha.

6.3 Carthanais

Ba cheart ceisteanna ó charthanais maidir le héilimh ar aisíocaíochtaí PSWT nó maidir le díolúine chánach a éileamh a chur chuig an Roinn Carthanas de Rannóg an Ard-Bhailitheora (féach alt 3.4)

An Roinn Carthanas

Rannóg an Ard-Bhailitheora

Oifigí an Rialtais

An tAonach

Contae Thiobraid Árann

Teil: 1890666333 (Poblacht na hÉireann amháin)

00 3536763400 (ó lasmuigh d'Éirinn)

R-phost: charities@revenue.ie

6.4 Neamhchónaitheoirí

Ba cheart do dhaoine sonraithe neamhchónaitheacha a bhfuil PSWT asbhainte uathu agus a bhfuil dliteanas cánach acu sa Stát teagmháil a dhéanamh leis an oifig chánach a phléann lena gcuid gnóthaí cánach maidir le héilimh ar chreidmheas nó aisíocaíochtaí eatramhacha. Ba cheart do dhaoine sonraithe neamhchónaitheacha nach bhfuil dliteanas cánach acu sa Stát teagmháil a dhéanamh le Rannóg na n-Éileamh Idirnáisiúnta chun aisíocaíocht PSWT a asbhaineadh a éileamh (féach alt 3.4)

Na Coimisinéirí Ioncaim

Rannóg na n-Éileamh Idirnáisiúnta

Oifigí an Rialtais

An tAonach

Contae Thiobraid Árann

Teil: 1890666333 (Poblacht na hÉireann amháin)

00 3536763400 (ó lasmuigh d'Éirinn)

R-phost: intclaims@revenue.ie

Is féidir sonraí teagmhála a fháil le haghaidh gach oifig de chuid na gCoimisinéirí tríd an aimsitheoir Teagmhálacha a úsáid ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí ag www.revenue.ie

Aguisín 1

Téacs an Ailt i 'Tax Briefing', Eagrán 52 ar Dhéileáil, ó thaobh cánach de, le hÍocaíochtaí Úis agus Cúitimh faoi I.R. Uimh. 388 de 2002 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002

Ginearálta

Leagann an t-alt seo amach an córas chun déileáil, ó thaobh cánach de, le hús agus cúiteamh íoctha faoi na Rialacháin nua. Imlínítear in alt in Eagrán 31 de Tax Briefing conas a dhéileáiltear ó thaobh cánach de le híocaíochtaí úis déanta faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997.

Le héifeacht ón 7 Lúnasa 2002 tugann na Rialacháin éifeacht do Threoir 2000/35/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle den 29 Meitheamh 2000 sa chath i gcoinne íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála. Baineann siad go léir seachas eisceachtaí áirithe, le hidirbhearta tráchtála sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha agus leasaíonn siad an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997.

Forálann na Rialacháin nua go mbeidh ús iníoctha ar íocaíocht atá déanach. Murab ionann is ús íoctha faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, bainfidh de choinníoll intuigthe le gach conradh as seo amach go bhfuil ús iníoctha mura n-íoctar fiacha go tráthúil. Glactar leis go bhfuil íocaíocht déanach nuair atá 30 lá imithe thart mura bhfuil a mhalairt de thréimhse íocaíochta sonraithe i gconradh comhaontaithe. Is é an ráta úis atá inghearrtha ar íocaíocht dhéanach ná an príomhráta athmhaoinithe atá á fheidhmiú ag Banc Ceannais na hEorpa móide seacht bpointe faoin gcéad mura n-aontaítear a mhalairt.

Foráiltear freisin gur féidir cúiteamh a éileamh i gcostais aisghabhála fiacha. Cosúil leis an "ús ar íocaíocht dhéanach", is téarma intuigthe de gach "idirbheart tráchtála" é cúiteamh, is é sin, is cuid de théarmaí an chonartha féin é agus ní mír bhreise sa chonradh.

Déileáil le hús ó thaobh cánach de faoi I.R. Uimh. 388 de 2002.

CBL

Ní fhéachtar ar an íocaíocht a fhaightear i leith úis faoi I.R. Uimh. de 288 de 2002, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 mar chomaoin chun críocha CBL. Dá réir sin, íocaíocht ar bith dá leithéid atá bailithe ag duine inchánach ó chustaiméir, toisc gur íoc an custaiméir sin a chuntas go déanach, ní comaoin i leith soláthair inchánach í agus mar sin níl CBL inghearrtha ina leith.

Cáin Ioncaim/Cáin Chorparáide

Féachtar ar an ús mar chostas trádála ar féidir cáin a asbhaint as nuair atá ríomh á dhéanamh ar bhrabúis an duine a dhéanann an íocaíocht (is é sin, an ceannaitheoir).

Tá an t-ús inchánach i lámha an duine a fhaigheann é (is é sin an soláthraí). Cé go bhfuil sé inmhuirir go háirithe faoi Chás III de Sceideal D, is féidir é a áireamh freisin mar fháltas trádála agus dá réir sin a mheasúnú faoi Sceideal D Cás 1.

Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla (PSWT)

Murab ionann is ús íoctha faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, is téarma intuigthe den chonradh é ús íoctha faoi na Rialacháin nua.

Mar sin, nuair a íoctar ús faoi Rialachán 4 de na rialacháin nua de bhun íocaíochtaí i leith seirbhísí gairmiúla de réir bhrí Alt 520 ACCán. 1997, is cóir PSWT a asbhaint as an ús.

Ag comhlánú Foirmeacha F45 dóibh lena n-eisiúint do dhaoine sonraithe (soláthraithe), is cóir do dhaoine cuntasacha suimeanna úis a chur san áireamh.

Cáin Chonarthaí Ábhartha (RCT)

Nuair a íoctar ús de réir Rialachán 4 de na Rialacháin nua i leith íocaíochtaí a dhéantar le fochonraitheoirí i dtionscail áirithe, de réir bhrí Alt 531 ACCán. 1997 is cóir RCT a asbhaint as an ús.

Ag comhlánú Foirmeacha RCTDC dóibh lena gcur chuig fochonraitheoirí, is cóir do chonraitheoirí príomha suimeanna úis a chur san áireamh.

Cáin iarchoiméadta ar ús íoctha ag cuideachtaí agus le neamhchónaitheoirí

Murab ionann is ús íoctha faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 ní ús bliantúil é an t-ús a íoctar faoi na Rialacháin nua. Mar sin ní thagann Alt 246 ACCán. 1997 i bhfeidhm nuair a íoctar ús pionóis.

Déileáil le cúiteamh ó thaobh cánach de faoi I.R. Uimh. 388 de 2002

Déileáiltear ó thaobh cánach de le cúiteamh íoctha faoi na Rialacháin nua ar an mbealach céanna le hús íoctha faoi na Rialacháin mar atá imlínithe thuas ach amháin nach dtagann feidhmiú Alt 246 ACCán, 1997 i gceist.

Aguisín 2

Liosta de Dhaoine Cuntasacha mar atá leagtha amach sa Dara Sceideal 13 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997

- Aire Rialtais
- údarás áitiúil de réir bhrí Alt 2(2) den Acht Rialtais Áitiúil 1941
- Comhlacht arna bhunú faoin Acht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corparáideacha) 1971
- Seirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil
- An tArd-Aighne
- An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Stiúrthóir na n-Ionchúiseamh Poiblí
- An Coimisinéir Luachála
- An Príomhshuirbhéir Teorann
- Stiúrthóir Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
- Na Coimisinéirí Ioncaim
- An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- Coimisinéirí na n-Oibreacha Poiblí in Éirinn
- Cléireach Dáil Éireann
- An Bord um Chúnamh Dlí
- Coiste gairmoideachais nó coláiste teicniúil arna bhunú faoin Acht Gairmoideachais 1930
- Teagasc
- Údarás Cuain
- An Foras Áiseanna Saothair
- Údarás na Gaeltachta
- GníomhaireachtForbartha Tionscail na hÉireann
- Cuideachta Forbartha Aerfort Neamchustaim na Sionainne Teoranta
- Bord Fáilte Éireann
- Institiúid ard-oideachais de réir bhrí Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971
- CERT
- An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
- Ospidéal deonach poiblí nó comhpháirteach a fhaigheann deontais ón Aire Sláinte agus Leanaí sa bhliain 1988-89 nó in aon bhliain mheasúnaithe ina dhiaidh sin
- Árachóir údaraithe de réir bhrí alt 470
- An Bord Glas
- An Bord Pleanála
- Grúpa Aer Lingus cpt
- Údarás Aerfort Bhaile Átha cuideachta phoiblí theoranta
- Arramara Teoranta
- Bord Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann
- An Bord Bia
- Bord na gCon
- Bord Gáis Éireann
- Bord Iascaigh Mhara
- Bord na Móna plc
- Coillte Teoranta
- An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine
- Córas Iompair Éireann
- An Bord Soláthair Leictreachais
- An Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cuideachta theoranta phoiblí

- Corparáid Náisiúnta Peitriliam na hÉireann
- Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teo
- An Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teo
- An Ceoláras Náisiúnta Teo
- Foras na Mara
- Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist
- Nítrigin Éireann Teoranta
- An Post
- Radio Telefís Éireann
- Cuideachta an Ospidéil Ríoga Cill Mhaighneann
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Forfás
- Údarás Eitlíochta Éireann
- An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíocht agus Sóisialta
- An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta
- An tÚdarás Náisiúnta Bóithre
- Temple Bar Properties Limited
- Bord Scannán na hÉireann
- Institiúid oideachasúil a bunaíodh de bhrí alt 3 den Acht na gColáistí Réigiúnacha Teicniúla 1992 mar choláiste réigiúnach teicniúil
- Institiúid Teicneolaíochta
- Area Development Management
- Limited
- Coimisinéirí Soilse na hÉireann
- Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath
- An Chomhairle Oidhreachta
- An tÚdarás Ardoideachais
- An Coimisiún um Raidió agus Teilifís
- Neamhspleách
- Rásaíocht Capall Éireann
- An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
- Bord na bPinsean
- Oifig an Stiúrthóra Rialála
- Teileachumarsáide
- An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
- An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann
- Enterprise Ireland
- Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath
- Coimisiún Reifrinn arna bhunú faoi ordú a rinneadh faoi alt 2 (1) d'Acht an Reifrinn 1998
- Oifig an Ombudsman
- An Coimisiún um Oifigí Poiblí
- Oifig an Choimisinéara Faisnéise
- An Príomh-Bhoird Iascaigh
- Bord iascaigh réigiúnach arna bhunú de bhrí ordú a r inneadh faoi alt den Acht Iascaigh, 1980
- Bord Fiontair Contae (is é sin ná bord a bhfuil tagairt déanta dó sa Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1995)
- Coimisiún Forbartha an Iarthair
- An tÚdarás Comhionannais
- Coimisinéirí na dTabharthas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn
- An Coimisiún um Rialáil Leictreachais
- Údarás réigiúnach arna bhunú de bhrí ordaithe a rinneadh faoi alt 43(1) d'Acht an Rialtais Áitiúil, 1991
- Údarás Réigiúnda Sláinte an Iarthair, Feidhmeannacht na mBord Sláinte nó bord sláinte limistéar arna bhunú faoin Acht Sláinte (Údarás Sláinte Réigiúnach an Iarthair), 1999
- An Chomhairle Spóirt

- An Bord Uchtála
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
- An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe
- Oifig an Uachtaráin
- Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais
- An Coimisiún um Chosaint Sonraí
- An tÚdarás Iomaíochais
- An Príomh-Aturnae Stáit
- An Lár-Oifig Staidrimh
- An Coimisiún chun Droch-Úsáid Leanaí a Fhiosrú
- Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt
- Digital Media Development Ltd An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- An Coimisiún um Chearta an Duine
- Ombudsman na bPinsean
- An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe
- Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath
- An Chomhairle um Cúram Práinne Réamh-Ospidéil
- Fuinneamh Imharthana Éireann - Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- An tÚdarás um Árachas Sláinte
- An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
- An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid
- An Chomhairle Náisiúnta Aosúcháin
- Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí (NQAI)
- Breast Check, An Clár Náisiúnta um Scagthastáil Cíoch
- An Chomhairle Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an
- Chnáimhseachais
- Mater and Children's Hospital Development Ltd
- An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Chiníochas agus Idirchultúrachas
- An Oifig um Rialú Tobac
- An Bord um Imscrúdú Taismí Muirí
- Gníomhaireacht Bainistíochta an
- Chisteáin Náisiúnta de réir comhlíonadh na bhfeidhmeanna aige atá bronnta ar nó atá tairmligthe dó ag nó faoi Chuid 2 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000. (Gníomhaireacht Éileamh an Stáit)
- An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais
- An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit
- An Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí
- Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála
- An Coimsiún um Meabhair-Shláinte
- An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime
- Bord Leigheasra na hÉireann
- An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais
- Oifig Choimisinéir na dTeangachaOifigiúla
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
- An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- Leabharlann Náisiúnta Éireann
- Ionaid Tacaíochta Oideachais
- An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

- Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Gormáin
- An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid
- An Chomhairle Mhúinteoireachta
- EirGrid
- An Chomhairle Dámhachtainí um Oideachas agus Oiliúint sa Todhchaí
- Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann
- Gníomhaireacht Athbheochana Tuaisceart Luimnigh
- Limistéar Athbheochana Deisceart Luimnigh
- An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
- Teilifís na Gaeilge
- Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
- Bord Náisiúnta na gCáilíochtaí Oibre Sóisialta
- An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara
- An tÚdarás Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta
- An tAcht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach

Níl an liosta seo cuimsitheach. Ní mór d'fhochuideachtaí, de réir bhrí Alt 155 den Acht um Chlárú Cuideachtaí clárú freisin mar dhaoine chuntasacha agus PSWT a fheidhmiú.

Aguisín 3

Téacs an Ailt i 'Tax Briefing', Eagrán (28 Deireadh Fómhair 1997) ar na Doiciméid a úsáidtear le haghaidh Cánach Iarchoimeádta Seirbhísí Gairmiúla

Cúlra

Foilsíodh alt in Eagrán 18 de '**Tax Briefing**' ar dhoiciméadú leasaithe PSWT a cuireadh in úsáid ón 6 Aibreán 1995.

D'éirigh deacrachtaí as Foirm F43 a úsáid. Tugadh F43 isteach chun déileáil le cásanna ina raibh Foirm F45 mícheart nó inar cuireadh amú í. Soiléiríonn an t-alt seo na cúinsí inar cóir foirmeacha F43 a lorg ó dhaoine cuntasacha (údarás fostaithe). Ní cóir go háirithe foirmeacha F43 a iarraidh mar bhealach lena sheiceáil an bhfuil na foirmeacha F45 ar fad coinnithe ag an gcliant nó mar mhalairt ar fhoirmeacha F45 a bheith á gcoinneáil ag an gcliant. Ba mhaith linn a shoiléiriú freisin nach féidir ráiteas achomair ar PSWT asbhainte a ghlacadh mar shocrú malartach d'fhoirmeacha F45/F43 chun tacú le héileamh ar chreidmheas PSWT.

Cásanna ina bhfuil cleachtóirí/cliaint ag iarraidh foirmeacha F43

Tá sé tagtha chun suntais gur iarr roinnt cáiníocóirí ar dhaoine cuntasacha, d'fhonn a dtuairisceán ioncaim 1995/96 a chomhlánú, foirmeacha F43 a eisiúint maidir le gach foirm F45 a bhaineann leis an mbliain chánach sin. Is cosúil go ndéantar iarratais dá leithéid ar cheann de dhá chúis, cibé acu:

- nár choinnigh an íocóir cánach ceann ar bith d'fhoirmeacha F45 a bhaineann leis an mbliain chánach sin,
  nó
- go bhfuil na foirmeacha F43 á n-úsáid lena dheimhniú nach bhfuil ceann ar bith d'fhoirmeacha bunaidh F45 ar iarraidh.

Murar choinnigh an cáiníocóir ceann ar bith de na foirmeacha F45 a bhaineann le tréimhse chuntas aíochta nó bonn tréimhse, ní féidir leis an gCigire creidmheas PSWT a thabhairt ach nuair a fhaigheann sé/sí foirmeacha F43 in ionad foirmeacha bunaidh F45.

Cuirtear i gcuimhne do cháiníocóirí agus do chleachtóirí gur doiciméid luachmhara foirmeacha F45 agus gur cóir iad a choinneáil. **Ní cóir foirm F43 a úsáid ach ar chúinsí eisceachtúla amháin**. Nuair a iarrann cáiníocóir foirmeacha F43 i leith go leor íocaíochtaí, tá sé de cheart ag an údarás fostaithe diúltú iad a eisiúint - tá an oibleagáid a leagann Alt 16(2) den Acht Airgeadais 1987 comhlíonta cheana trí fhoirm F45 a eisiúint i leith íocaíochta.

Iarratais ar fhoirmeacha F43 lena sheiceáil an bhfuil ceann ar bith d'fhoirmeacha F45 ar iarraidh, leagann siad ualach trom riaracháin nach bhfuil gá leis ar an duine cuntasach a fhaigheann an t-iarratas. Iarrtar ar cháiníocóirí agus chleachtóirí gan foirmeacha F43 a iarraidh ar na cúinsí seo. Nuair is mian le cáiníocóirí nó a gcuntasóirí seiceáil dá leithéid

a dhéanamh, is féidir go mbeadh daoine cuntasacha sásta ráiteas a eisiúint ag leagan amach sonraí F45 do bhonntréimhse nó do thréimhse chuntasaíochta. Aon ráiteas dá leithéid arna eisiúint ag duine cuntasach, is mar eolas don cháiníocóir é nó don ghníomhaire aige/aici agus dóibh siúd amháin. **Ní ghlacfaidh an Cigire leis chun críocha éilimh ar chreidmheas PSWT.**

Is cóir do chleachtóirí a choinneáil i gcuimhne nach bhfuil oibleagáid ar dhaoine cuntasacha ráitis dá leithéid a eisiúint.

Cuireadh F43 in ionad Litreacha/Ráiteas Speisialta

Mar atá luaite i 'Tax Briefing', Eagrán 18, ba í an aidhm a bhí le foirm F43 ná foirm shábháilte a sholáthar in ionad na litreacha/ráiteas speisialta a d'eisigh daoine cuntasacha nuair a bhí foirmeacha F45 caillte etc. Ní ghlactar a thuilleadh le litreacha nó ráitis dá leithéid, ar a n-áirítear achoimre, arna eisiúint ag an duine cuntasach, ar PSWT asbhainte i mbonntréimhse nó i dtréimhse chuntasaíochta, mar mhalairt ar fhoirmeacha F45 (agus go heisceachtúil F43) chun tacú le héileamh ar chreidmheas PSWT.

Iarrtar ar chleachtóirí é sin thuas a chur in iúl dá gcliaint laistigh den scéim PSWT.

Aguisín 4

Breitheanna na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le Seirbhísí Gairmiúla

1 Seirbhísí Fógraíochta

Faoi réir na dtrácht thíos maidir le spás nó am fógraíochta, tá PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí as seirbhísí fógraíochta. Áirítear le seirbhísí fógraíochta seirbhísí a bhaineann le-

- fógra a dhearadh, agus
- feachtas fógraíochta a stiúradh.

Is féidir a lán seirbhísí eile a úsáid mar chuid de sheirbhísí fógraíochta. D'fhéadfadh mar shampla seirbhísí grianghrafadóirí, mainicíní, dearthóirí ealaíne grafaí, ealaíontóirí tráchtála, scríbhneoirí neamhspleácha, agus priontála a bheith ceangailte leo. Toisc gur seirbhís **fhógraíochta** an tseirbhís fhoriomlán a thugann an ghníomhaireacht fógraíochta ní mór PSWT a asbhaint as an íocaíocht iomlán a dhéanann an duine cuntasach leis an ngníomhaireacht.

Coimeád i gcuimhne, maidir le seirbhísí mar ghrianghrafadóireacht, mhainicíneacht, ealaíon ghrafach, ealaíontacht tráchtála, scríbhneoireacht neamhspleách agus phriontáil, nach seirbhísí gairmiúla iad chun críocha PSWT mura bhfuil gné comhairleachta gairmiúla ina cuid de na seirbhísí sin. Dá réir sin nuair a dhéanann duine cuntasach íocaíocht go díreach as seirbhís dá leithéid leis an duine a thugann an tseirbhís, níl PSWT inghearrtha ar an íocaíocht ach má tá an tseirbhís sin ina cuid de chomhairleacht níos leithne.

Spás nó Am Fógraíochta

Áit a soláthraítear spás nó am fógraíochta mar chuid de sheirbhís ghairmiúil fhoriomlán, m.sh. ag gníomhaireacht fhógraíochta mar chuid de sheirbhís fhógraíochta, tá an íocaíocht iomlán as an tseirbhís (lena n-áirítear spás nó am fógraíochta) faoi réir PSWT.

Níl íocaíochtaí déanta le:

- meán fógraíochta (m.sh. nuachtán), nó
- duine ag gníomhú mar ghníomhaire ar son meán fógraíochta (m.sh. gníomhaireacht fhógraíochta)

chun spás fógraíochta a fháil faoi réir PSWT.

2 Seandálaíocht

Tá PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i dtaobh comhairleachtaí seandálaíochta. Go ginearálta, ní bhíonn PSWT inghearrtha íocaíochtaí i dtaobh tochailtí seandálaíochta. Áit atá tochailtí seandálaíochta mar chuid de sheirbhís fhoriomlán ghairmiúil áfach, comhairleacht seandálaíochta mar shampla, bíonn PSWT inghearrtha ar mhéid iomlán na híocaíochta.

3 Ceantálaithe/Gníomhairí Eastáit/Luachálaithe

Tá PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i leith táillí i ceantálaithe, gníomhairí eastáit agus luachálaithe. Nuair is cuid na costais fógraíochta den táille, tá PSWT inghearrtha ar shuim iomlán na táille.

4 Comhaltaí Boird/Cathaoirligh

I gcoitinne, Is díolaíochtaí oifige íocaíochtaí a dhéantar le cathaoirligh agus daoine aonair a shuíonn ar bhoird agus ar choistí agus tá ÍMAT/ÁSPC inghearrtha orthu. Mar sin níl PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí den sórt sin.

5 Seirbhísí Ríomhaire

Tá íocaíochtaí as comhairle neamhspleách ar chórais ríomhaire a shuiteáil, a fhorbairt (lena n-áirítear láithreán gréasáin a fhorbairt) nó córais ríomhaire a rith faoi réir PSWT.

Níl PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i leith na seirbhísí seo a leanas:

- Díol pacáistí crua-earraí agus bogearraí ríomhaire arna bhforbairt ag an díoltóir
- Díol pacáistí bogearraí arna bhforbairt ag an díoltóir. Leanann an scéal mar sin nuair a áirítear i gcostas crua-earraí nó bogearraí míreanna seirbhíse nach ngearrtar praghas ar leithligh ar an gcustaiméir ina leith, mar shampla:

  -anailís tosaigh ar an obair atá le ríomhairiú
  -forbairt pacáiste crua-earraí nó bogearraí don chustaiméir
  -soláthar oiliúna agus seirbhísí tacaíochta eile
- Cothabháil bogearraí ríomhaire

6 Comhairleacht

Tá PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i dtaobh aon chineál comhairleachta. Tabhair faoi deara gurb é atá i gcomhairleacht ná aon chineál seirbhíse a bhfuil soláthar comhairle ag baint léi.

7 Costais Fála/Diúscairtí Talaimh nó Maoine

Ginearálta

Gearrtar PSWT ar íocaíochtaí i leith costas gairmiúil a bhaineann le fáil nó diúscairt maoine nó talaimh seachas faoi ordú ceannaigh éigeantaigh (féach thíos), áirítear orthu siúd íocaíochtaí i leith costas duine seachas an duine cuntasach. Gearrtar PSWT freisin ar íocaíochtaí i leith costas gairmiúil a tabhaíodh roimh dheimhniú foirmiúil ar ordú ceannaigh éigeantaigh murar cuid iad de shocrú amach ón gcúirt (féach **Breith 8** thall)

Ceannach/Fáil Talaimh trí Ordú Ceannaigh Éigeantaigh

Nuair a fhaightear maoin trí Ordú Ceannaigh Éigeantaigh, **tá** PSWT inghearrtha orthu seo:

- Costais tíolactha
- Íocaíochtaí a dhéanann an duine cuntasach i leith a chostas féin.

Nuair a fhaightear maoin trí Ordú Ceannaigh Éigeantaigh, **níl** PSWT inghearrtha orthu seo:

- Costais ghairmiúla arna ndámhachtain ag eadránaí. Orthusan tá, mar shampla costais dhlíthiúla an díoltóra, táillí ceantálaí, táillí gníomhaire eastáit agus/nó táillí luachálaí, srl.
- Costais ghairmiúla ag éirí as iarrachtaí chun teacht ar chomhaontú roimh an eadráin, dá mba dhócha go bhféadfadh costais dá leithéid a bheith dáfa ag eadránaí.

8 Costais Caingne Dlí

Más rud é, go leagann riail chúirte, bhinse nó chomhlachta ar bith eile atá cumasaithe go dlíthiúil chun costais a dhámhachtain, oibleagáid ar dhuine cuntasach íocaíocht a dhéanamh le duine i leith costas gairmiúil a thabhaigh an duine sin, níl PSWT inghearrtha ar an íocaíocht. Baineann sé sin le hábhar freisin nuair a dhéanann an duine cuntasach íocaíocht go díreach leis an duine a sholáthair na seirbhísí gairmiúla.

Is í an chúis nach ngearrtar PSWT ar na cúinsí seo ná go nglactar leis na costais dáfa mar chúiteamh a íocann an duine cuntasach agus ní mar íocaíocht as seirbhísí gairmiúla.

Gearrtar PSWT ar íocaíocht chostais an duine chuntasaigh féin. Áirítear ar na costais sin íocaíocht ar bith as costais dáfa don duine cuntasach

Níl PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí a dhéantar le duine i socrú "eischúirte" mar chuid de chostais ghairmiúla an duine sin dá mba chaingean dlí a bhí i gceist a bhféadfadh ordú le haghaidh costas a bheith déanta ag an gcúirt, ag an mbinse srl. ina leith.

I ngach cás eile ní foláir PSWT a asbhaint as íocaíochtaí a dhéantar i leith costas duine seachas an duine cuntasach.

9 Bailiú Fiacha

Tá PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i leith bailiú fiacha. Nuair nach ndéantar aon íocaíocht iarbhír áfach ach ina ionad sin go gcoinníonn an bailitheoir fiacha sin céatadán den mhéid a aisghabhtar, ní ghearrtar PSWT.

10 Teicneoirí Déidliachta

Ní bhíonn íocaíochtaí i dtaobh earraí a sholáthar ag teicneoir déidliachta mar chíoranna fiacla, teanntáin fiacla agus gairis bhréige eile (a dhéanann an teicneoir déidliachta), a dhéantar díreach le duine cuntasach faoi réir PSWT.

11 Gníomhaireachtaí Fostaíochta/Earcaíochta

Breathnaítear ar sheirbhís lena mbaineann agallaimh a chur ar iarrthóirí, iad a scagadh nó a roghnú le haghaidh poist mar sheirbhís chomhairleachta agus mar sin bíonn íocaíochtaí as seirbhísí den sórt sin faoi réir PSWT.

Níl PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí le gníomhaireachtaí fostaíochta nó earcaíochta chun daoine aonair a lonnú i bhfostaíocht agus é sin amháin.

12 Scannáin/Cláir Raidió/Teilifíse

Ní bhíonn PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí díreacha le haisteoirí, léiritheoirí, stiúrthóirí agus le haghaidh áiseanna iar-léirithe chun clár nó sraith clár scannán, raidió nó teilifise a dhéanamh agus é sin amháin.

Nuair a fhostaítear cuntasóirí, aturnaetha etc. chun seirbhísí gairmiúla a sholáthar d'fhonn clár nó sraith clár scannán, raidió nó teilifíse a dhéanamh bíonn PSWT inghearrtha ar na híocaíochtaí a dhéanann duine cuntasach as na seirbhísí sin.

13 Árachas

Tá PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí as seirbhísí comhairleachta árachais. Áirítear mar sheirbhísí dá leithéid coigeartú caillteanais, aithint agus measúnú nochta do rioscaí, rioscaí margaíochta, dearadh polasaí, comhairle achtúireach agus anailísiú éileamh.

Níl PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí farasbairr faoi pholasaithe árachais.

Níl PSWT inghearrtha ar phréimheanna árachais a íoctar le bróicéirí lena gcuir ar aghaidh chuig cuideachta árachais. Nuair a ghearrann bróicéir táillí ar leithligh áfach i leith a sheirbhísí, is cóir PSWT a asbhaint as táille an bhróicéara. D'fhéadfadh táille dá leithéid a bheith i bhfoirm táille bhliantúla bainistíochta nó táille a ghearrtar ar idirbheart áirithe.

14 Tastálacha Saotharlainne

Tá PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i leith tástálacha saotharlainne nuair is é atá sa tástáil ná seirbhís ghairmiúil. Mar shampla, tá PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i leith tástálacha liachta de leithéidí tástálacha fola agus bithóipsí toisc gur seirbhís liachta an tseirbhís.

Níl PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i leith tástálacha saotharlainne nuair nach tástáil ghairmiúil an tseirbhís. Mar shampla, níl PSWT inghearrtha ar íocaíocht i leith tástála chun an leibhéal truaillithe in uisce a thomhas.

15 Gairis Liachta

Níl PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí as soláthar géaga bréige, súile bréige, gairis mháinliacha agus gairis liachta lena n-áirítear seirbhís theagmhasach ar bith maidir lena bhfeistiú. Nuair a ghearrtar táille ar leithligh ar fheistiú, tá PSWT inghearrtha ina leith toisc gur seirbhís é a bhaineann le liacht, cóireáil súile nó cóireáil cluaise.

16 Costais Liachta a tabhaíodh i leith Fostaithe

Más amhlaidh, mar chuid dá gcoinníollacha fostaíochta, go bhfuil fostaithe duine cuntasaigh i dteideal billí dá gcostais a chur isteach i leith cóireáil liachta, lena n-íoc ag an duine cuntasach, níl PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí a dhéanann an duine cuntasach lena chuid fostaithe mar aisíoc ar na costais sin.

Gearrtar PSWT ar íocaíocht i gcás go dtugann an duine cuntasach an íocaíocht don chleachtóir liachta go díreach i leith soláthar seirbhísí liachta don fhostaí.

17 Radharceolaithe/Optaiméadraithe

Má fhaigheann radharceolaithe/optaiméadraithe íocaíochtaí ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh nó ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, is féidir costas earraí a sholáthraítear a fhágáil amach as an méid a bhfuil PSWT le gearradh air i gcás go dtaispeánfar an táille agus costas na n-earraí ar leithligh

Baineann Breith 15 thall le híocaíochtaí i leith gaireas optúil.

18 Priontáil

Ní seirbhís ghairmiúil í seirbhís phriontála inti féin. Mar sin níl PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí a bhaineann le priontáil amháin.

Nuair is cuid í priontáil de sheirbhís ghairmiúil fhoriomlán a thugtar do dhuine cuntasach, is costas é a éiríonn as soláthar na seirbhíse sin. Tá PSWT inghearrtha ar an íocaíocht iomlán i leith na seirbhíse. Mar shampla, nuair a choimisiúnaíonn duine cuntasach duine sonraithe chun bróisiúr a dhearadh agus a phriontáil, tá PSWT inghearrtha ar an íocaíocht iomlán as táirgeadh an bhróisiúir.

19 Rialáil Cáilíochta

Ní seirbhís ghairmiúil í seirbhís rialála cáilíochta inti féin. Mar sin níl PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i leith seirbhísí um rialáil cáilíochta nuair nach bhfuil gné ghairmiúil ag an tseirbhís a thugtar. Mar shampla, níl PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i leith tastálacha lena chinneadh an bhfuil leibhéal um rialáil cáilíochta bainte amach.

Nuair atá gné ghairmiúil folaithe sa tseirbhís um rialáil cáilíochta, tá PSWT inghearrtha ar an íocaíocht iomlán. Mar shampla, tá PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i leith comhairleachta gairmiúla um dheimhniú cáilíochta, is é sin le rá, soláthar comhairle ar chúrsaí rialála cáilíochta.

20 Poitigéirí Miondíola

Tá PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí le poitigéirí miondíola. Is féidir, áfach, costas earraí a sholáthraítear agus coimeádáin, a fhágáil amach as an méid a bhfuil PSWT le gearradh air má aithnítear na costais sin ar leithligh.

21 Teagasc/Oiliúint

Tá PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i leith seirbhísí comhairleachta oiliúna. Samplaí de sheirbhís comhairleachta oiliúna is ea:

- soláthar comhairle ar riachtanais oiliúna agus
- dearadh/forbairt cúrsa, siollabais nó cláir.

Faoi réir Breith 22 thíos, níl PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i leith na seirbhísí seo a leanas:

- Teagasc (múineadh), oiliúint nó seirbhísí léachtóireachta (tugtar comhairle ar chánachas léachtóirí, teagascóirí agus oiliúnóirí páirtaimseartha in **Aguisín 5**)
- Aithisc/léachtaí a thugann aoi-chainteoirí
- Soláthar ábhair le haghaidh cúrsaí oscailte agus cúrsaí cianfhoghlama lena n-áirítear gné ar bith de sheirbhís ghairmiúil a bhaineann le hullmhú nó forbairt cúrsaí dá leithéid ar cuid den phacáiste soláthraithe ábhair foriomlán í agus nach ngearrtar praghas ar leithligh ar an gcustaiméir i leith na seirbhíse sin.

22 Oiliúint arna Soláthar ar son FÁS

Tá PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí as seirbhísí oiliúna a thugann daoine féinfhostaithe (féach alt 1.3) ar son FÁS. Lena chinneadh an bhfuil seirbhísí oiliúna á soláthar ar son FÁS, úsáidtear na rialacha seo:

- Tá PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i leith cúrsaí oiliúna d'fhostaithe FÁS amháin.
- Níl PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i leith cúrsaí oiliúna ar féidir le daoine seachas fostaithe FÁS páirt a ghlacadh iontu.
- Tá cáin ÍMAT inghearrtha ar íocaíochtaí a dhéanann FÁS lena chuid **fostaithe**, mar shampla, lucht freastail cúrsaí. Áirítear sna híocaíochtaí sin íocaíochtaí le fostaithe a sholáthraíonn seirbhísí oiliúna. Dá réir sin, ní bhaineann PSWT leis na híocaíochtaí seo.

23 Léiriú Físeán

Níl PSWT inghearrtha ar íocaíochtaí i leith léiriú físeán ag duine sonraithe ar son duine cuntasaigh más rud é:

- nach bhfuil aon ghné comhairleachta folaithe sa tseirbhís a thugann an duine sonraithe agus
- go ndíolann an duine sonraithe an físeán ina dhiaidh sin leis an duine cuntasach mar tháirge deiridh.

Má tá gné comhairleachta sa tseirbhís a sholáthraítear ag an duine sonraithe, tá PSWT inghearrtha ar shuim iomlán na n-íocaíochtaí.

Aguisín 5

Téacs an Ailt in 'Tax Briefing', Eagrán 28 (Deireadh Fómhair 1997) ar Chánachas Léachtóirí / Múinteoirí / Oiliúnóirí Páirtaimseartha

Réamhra

Ardaítear an cheist go minic an bhfuil léachtóirí, múinteoirí / oiliúnóirí páirtaimseartha fostaithe faoi chonarthaí sheirbhíse (fostaithe) nó faoi chonarthaí seirbhíse (féinfhostaithe).-

Dearcadh na gCoimisinéirí Ioncaim

Is é an dearcadh atá ag na Coimisinéirí Ioncaim ná gur fostaithe iad léachtóirí / múinteoirí / oiliúnóiri páirtaimseartha. Is cóir íocaíochtaí a dhéanamh leo glan ar asbhaintí reachtúla i leith ÍMAT agus ÁSPC.

Dlí Cáis

Tá dearcadh na gCoimisinéirí Ioncaim bunaithe ar roinnt fasach ar féidir iad a choimriú mar a leanas:

Cáis Éireannacha

- Sa Chúirt Dúiche in 1992 tugadh an bhreith gur tháinig léachtóirí páirtaimseartha a bhí ar fostú i scoil, fostaithe faoi chonradh seirbhíse (fostaí).
- San Ard-Chúirt, in 1986, thug an tUas. Giúistís Murphy breith i gcás Stephen Barcroft i gcoinne An Aire Sláinte agus Leasa Shóisialaigh agus James Agnew (Oifigeach Achomhairc Leasa Shóisialaigh) go ndearna na múinteoirí a bhí fostaithe aige a gcuid oibre faoi chonradh seirbhíse agus go raibh na fostaíochtaí inárachais.
- D'aontaigh Oifigeach Achomhairc Leasa Shóisialaigh in 1996 le cinneadh Oifigigh Cinnidh go raibh daoine a bhí fostaithe mar léachtóirí páirtaimseartha, i bhforas múinteoireachta, inárachais faoi na hAchtanna Leasa Shóisalaigh.

Cásanna sa Ríocht Aontaithe

- Fuge i gcoinne McClelland (Rannán Seansaireachta na hArd-Chúirte 22 Meitheamh 1956). Bhain an cás seo le múinteoir lánaimseartha a mhúin freisin ranganna oíche do dhaoine fásta. Tugadh breith gur tháinig na ranganna oíche freisin faoi Sceideal E, an oiread céanna agus na gníomhaíochtaí lae.
- Mitchell & Eden i gcoinne Ross (House of Lords, Bealtaine/Iúil 1961). Sa chás seo tugadh breith go raibh speisialtóirí páirtaimseartha (sainchomhairleoirí ospidéil) a bhí fostaithe faoin Acht Sláinte 1946 inmheasúnaithe faoi Sceideal E.

- Sidey i gcoinne Phillips (Rannán Seansaireachta 5 Nollaig 1986). Sa chás seo tugadh breith go raibh abhcóide nach raibh ag cleachtadh inmheasúnaithe faoi Sceideal E i leith a chuid táillí léachtóireachta páirtaimseartha.
- Walls i gcoinne Sinnett (Rannán Seansaireachta). Sa chás seo deimhníodh breith go raibh cantóir gairmiúil a bhí ina léachtóir ceoil ag coláiste teicniúil ceithre lá gach seachtain, inmheasúnaithe faoi Sceideal E.

Eisceachtaí

Glacann na Coimisinéirí Ioncaim nach gá go mbainfeadh an scéal ansin thuas le cásanna ina dtugann na léachtóirí/múinteoirí/oiliúnóirí léachtaí "aon uaire". I gcoitinne ní thabharfaidh léachtóirí/múinteoirí/oiliúnóirí léachtaí ach uair nó dhó sa bhliain don chomhlacht céanna. Caithfidh, ar ndóigh, na daoine aonair lena mbaineann táillí dá leithéid a thuairisciú faoi na rialacha féinmheasúnaithe.

Ní ghlacfaí leis, áfach, go bhfuil léachtóirí/múinteoirí/oiliúnóirí a thugann sraith léachtaí "aon uaire" nó aoi-léachtaí don chomhlacht céanna, lasmuigh de réimse ÍMAT/ÁSPC.

Is féidir cásanna amhrais faoin cheannteideal seo a shoiléiriú ach glaoch ar an oifig chánach ábhartha.